TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
MEDINA
arna tabhairt an 20 Meitheamh 2024[1]

Cás C-197/23

S.S.A.
v
C. sp. z o.o.,
Idiragraí:
Prokurator Prokuratury Regionalnej agus Warszawie

(Iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Apelacyjny w Warszawie (Cúirt Achomhairc Vársá, an Pholainn))

(Tarchur chun réamhrialú – An smacht reachta – Airteagal 19(1) CAE – Leigheasanna dlí – Cosaint éifeachtach bhreithiúnach – Binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimhe sin le dlí – Prionsabal an neamhspleáchais bhreithiúnaigh 'inmheánaigh' – Rialacha náisiúnta lena rialaítear leithdháileadh randamach cásanna ar bhreithiúna – Foirmíocht na cúirte a mhodhnú – Sárú mínáireach ar na rialacha náisiúnta – Forálacha lena dtoirmisctear ar chúirt dara céime a dhearbhú go bhfuil imeachtaí ag an gcéad chéim neamhbhailí)

1. Leis an tarchur chun réamhrialú seo ó Sąd Apelacyjny w Warszawie (Cúirt Achomhairc Vársá, an Pholainn),[2] iarrtar léiriú ar Airteagal 2, Airteagal 6(1) agus (3) agus an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'). Thionscain S. S.A. ('Cuideachta S') an chaingean sna príomhimeachtaí i gcoinne C. sp. z o.o. ('Cuideachta C') i ndáil le creat-chomhaontú tráchtála.

2. Go bunúsach, ardaíonn an cás seo dhá cheist. Ar an gcéad dul síos, iarrtar ar an gCúirt rialú a thabhairt ar an gceist an dtagann leithdháileadh nó ath-leithdháileadh neamhrialta cáis shonraigh ar bhreitheamh tuairiscithe in imeachtaí náisiúnta faoi raon feidhme an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE. Is é sin le rá, an é go bhfuil leithdháileadh nó ath-leithdháileadh neamhrialta ann a d'fhéadfadh an bonn a bhaint den bhraistint go bhfuil cúirteanna agus binsí neamhspleách agus neamhchlaonta, go háirithe, i gcás inarb ionann an leithdháileadh nó ath-leithdháileadh neamhrialta sin (i) agus 'sárú mínáireach' ar na rialacha náisiúnta is infheidhme agus (ii) nach féidir leis an gcúirt dara céime athbhreithniú a dhéanamh air ar achomharc toisc go dtoirmeasctar leigheas dlí den sórt sin go sainráite le forálacha náisiúnta? Is í an dara ceist ghaolmhar an ionann neamhrialtacht den sórt sin mar aon, go háirithe, le heaspa athbhreithniú breithiúnach nó leigheas dlí agus sárú ar na ceanglais maidir le cosaint bhreithiúnach éifeachtach os comhair binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimh ré le dlí; is é sin, an bhféadfadh aon neamhrialtacht agus gach neamhrialtacht maidir le cás a

[1] Bunteanga: an Béarla.

[2] Is ón 28 Aibreán 2022 a thagann an t-ordú tarchuir ach taisceadh é i gClárlann na Cúirte Breithiúnais an 24 Márta 2023.

leithdháileadh nó a ath-leithdháileadh ar bhreitheamh tuairiscithe amhras a ardú in aigne daoine aonair maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht an bhreithimh ar leithdháileadh nó ar ath-leithdháileadh an cás air.

I. An dlí lena mbaineann

A. Cód an Nós Imeachta Shibhialta

3. Foráiltear le hAirteagal 47(1) de Chód an Nós Imeachta Shibhialta [3] 'ar an gcéad chéim, éistfidh an chúirt cásanna i bhfoirmíocht ina bhfuil breitheamh aonair, mura bhforáiltear a mhalairt le foráil shonrach.'

4. De réir Airteagal 379(4) den Chód sin, 'beidh imeachtaí neamhbhailí [...] má tá comhdhéanamh na cúirte trialach contrártha d'fhorálacha reachtúla nó má éisteadh an cás i láthair breithimh atá faoi réir eisiamh trí oibriú an dlí".

5. Foráiltear le hAirteagal 386(2) de Chód an Nós Imeachta Shibhialta 'i gcás ina ndearbhaítear go bhfuil na himeachtaí neamhbhailí, déanfaidh an chúirt dara céim an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar ceal, na himeachtaí a chur ar ceal a mhéid atá siad neamhbhailí agus an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Chéadchéime.'

B. An Dlí maidir leis na Gnáthchúirteanna

6. Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 45 den Dlí maidir le Gnáthchúirteanna [4]:

'1. Féadfar breitheamh nó breitheamh faoi oiliúint den chúirt chéanna, nó breitheamh ar iasacht de bhun Airteagal 77(1) nó (8), a chur in ionad breithimh nó breithimh faoi oiliúint ina chuid dualgas nó ina cuid dualgas.

2. Féadfaidh an t-ionadaí dá dtagraítear i mír 1 a bheith mar thoradh ar bheart arna dhéanamh ag uachtarán na rannóige nó uachtarán na cúirte, arna ghlacadh arna iarraidh sin ag an mbreitheamh nó ag an mbreitheamh faoi oiliúint nó uaidh féin, chun a áirithiú go seolfar na himeachtaí i bhfoirm chuí.

[...]'

7. Faoi Airteagal 47a(1) den Dlí maidir leis na Gnáthchúirteanna, 'leithdháilfear cásanna go randamach ar bhreithiúna agus ar bhreithiúna faoi oiliúint de réir na gcatagóirí sonracha cásanna, cé is moite de chásanna a leithdháileadh ar bhreitheamh ar dualgas'.

[3] Ustawa z 17 listopada 1964 r. Kodeks postępowania cywilnego (Dlí an 17 Samhain 1964 lena mbunaítear Cód an Nós Imeachta Shibhialta, téacs comhdhlúite, Dz.U. 2021, mír 1805, arna leasú) ('Cód an Nós Imeachta Shibhialta').

[4] Ustawa z 27 lipca 2001 r. Prawo o ustroju sądów powszechnych (Dlí an 27 Iúil 2001 maidir le heagrú na ngnáthchúirteanna, téacs comhdhlúite, Dz.U. 2020, mír 2072) ('an Dlí maidir leis na Gnáthchúirteanna'), arna leasú le Ustawa o zmianie ustawy – Prawo o ustroju sądów powszechnych, ustawy o Sądzie Najwyższym oraz niektórych innych ustaw z 20 grudnia 2019 r. (Dlí lena leasaítear an Dlí maidir le heagrú na ngnáthchúirteanna, an Dlí maidir leis an gCúirt Uachtarach agus dlíthe áirithe eile an 20 Nollaig 2019, Dz.U. de 2020, mír 190) ("Dlí an 20 Nollaig 2019").

8. Foráiltear le hAirteagal 47b den Dlí sin:

‘1. Ní fhéadfar comhdhéanamh na cúirte a athrú ach amháin i gcás nach féidir leis an gcúirt an cás a éisteacht agus a chinneadh ina comhdhéanamh reatha nó i gcás ina bhfuil bac buan ar éisteacht na cúirte agus ar chinneadh an cháis ina comhdhéanamh reatha. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag forálacha Airteagal 47a.

2. Más gá bearta a dhéanamh i gcás, go háirithe i gcás ina gceanglaítear é sin le forálacha ar leithligh nó ina mbeidh bonn cirt leis ar fhorais chúrsa cuí na n-imeachtaí, agus i gcás nach féidir le foirmíocht na cúirte ar leithdháileadh an cás uirthi é sin a dhéanamh, déanfaidh an fhoirmíocht arna hainmniú de réir an phlean ionadaíochta bearta agus, mura gcumhdaítear bearta leis an bplean ionadaíochta, déanfaidh an fhoirmíocht arna hainmniú i gcomhréir le hAirteagal 47a iad.

3. Is é uachtarán na cúirte nó breitheamh arna údarú aige nó aici a dhéanfaidh cinntí sna cásanna dá dtagraítear i míreanna 1 agus i mír 2.

[…]’

9. Le Dlí an 20 Nollaig 2019, cuireadh mír 4 le hAirteagal 55 den Dlí maidir le Gnáthchúirteanna, a bhfuil an fhoclaíocht seo a leanas ann:

‘Féadfaidh breithiúna breithniú a dhéanamh i ngach cás san áit ina ndéantar iad a phostú agus freisin i gcúirteanna eile sna cásanna a shainítear le dlí (dlínse an bhreithimh). Ní chuirfidh na forálacha a bhaineann le cásanna a leithdháileadh agus le foirmíochtaí na cúirte a cheapadh agus a mhodhnú teorainn le dlínse breithimh agus ní fhéadfaidh siad a bheith mar bhonn lena chinneadh go bhfuil foirmíocht contrártha leis an dlí, go bhfuil cúirt comhdhéanta go míchuí nó gur cuid den chúirt sin duine nach bhfuil údaraithe ná inniúil chun breith a thabhairt.’

10. I gcomhréir le hAirteagal 8 de Dhlí an 20 Nollaig 2019, beidh feidhm ag Airteagal 55(4) den Dlí maidir le Gnáthchúirteanna freisin maidir le cásanna ar cuireadh tús leo nó ar cuireadh deireadh leo roimh dháta theacht i bhfeidhm Dhlí an 20 Nollaig 2019.

C. Rialacha Nós Imeachta 2015

11. Foráiltear le hAirteagal 43(1) de Rialacha Nós Imeachta 2015[5] go ‘ndáilfear cásanna ar bhreithiúna tuairiscithe (breithiúna agus breithiúna faoi oiliúint) go randamach, de réir dháileadh na ngníomhaíochtaí arna mbunú, le huirlis TF [(‘córas LPS’)][6] ar bhonn gineadóir uimhreacha randamacha, ar leithligh do gach clár, liosta nó feiste taifeadta eile, mura bhforáiltear le forálacha an Rialacháin seo do rialacha leithdháilte eile […]’.

12. Faoi Airteagal 52b de na rialacha nós imeachta sin:

‘1. Taispeántar sa tábla ionadaithe na comhaltaí malartacha (breithiúna, breithiúna faoi oiliúint agus giúróirí) le haghaidh gach lá oibre.

[5] Rozporządzenie Ministra Sprawiedliwości z 23 grudnia 2015 r. Regulamin urzędowania sądów powszechnych (Rialachán ón Aire Ceartais an 23 Nollaig 2015 lena leagtar síos rialacha maidir le hoibriú na ngnáthchúirteanna) (Dz.U. 2015, mír 2316) (‘Rialacha Nós Imeachta 2015’).

[6] *Córas Losowego Przydziału Spraw* (córas chun cásanna randamacha a leithdháileadh ar bhreithiúna).

2. Léiríonn an tábla dualgais breithiúna agus na breithiúna faoi oiliúint atá ar dualgas gach lá.

3. Cinnfear leis na táblaí ionadaíochta agus dualgais líon na mbreithiúna malartacha agus líon na mbreithiúna atá ar dualgas [breithiúna agus breithiúna faoi oiliúint], de réir tréimhse ama, de réir rannóige nó de réir chineál na gcásanna a leithdháilfear ar bhreithiúna malartacha agus ar bhreithiúna ar dualgas [breithiúna agus breithiúna faoi oiliúint], chomh maith leis an ord ina ndéanfar ionadaithe, agus cásanna a leithdháilfear ar bhreithiúna atá ar dualgas [breithiúna agus breithiúna faoi oiliúint] i gcás ina mbeidh níos mó ná breitheamh amháin [breithiúna agus breithiúna faoi oiliúint] ina gcomhaltaí malartacha agus ar dualgas.

…' [Aistriúchán Neamhoifigiúil]

13. Foráiltear le hAirteagal 52c de Rialacha Nós Imeachta 2015 don mhéid seo a leanas:

'1. I gcás nach mbeidh an breitheamh tuairiscithe i láthair ag an éisteacht, cuirfidh uachtarán na rannóige an éisteacht ar ceal más féidir na daoine lena mbaineann a chur ar an eolas, ach amháin má cheanglaítear go soiléir le cúrsa cuí na n-imeachtaí go dtionólfar an éisteacht.

2. Éistfidh an breitheamh malartach an cás nár cealaíodh an éisteacht ina leith mar a fhoráiltear sa phlean ionaid don lá a bheidh i gceist. Mura mbeidh an comhalta malartach in ann ullmhúcháin leordhóthanacha a dhéanamh nó má éilíonn scrúdú an cháis ag an gcomhalta malartach sin go n-athosclófar cuid shubstaintiúil den nós imeachta, ordóidh uachtarán na rannóige go gcuirfear an éisteacht ar ceal. […]

[…]

4. Beidh an t-údarás ag an mbreitheamh malartach an cás a scrúdaíodh faoi mhír 2 a shannadh dó féin. Sa chás sin, sannfaidh an uirlis TF níos lú cásanna dó nó di sa chatagóir chéanna.

[…]'

II. Cur i láthair gonta na bhfíoras agus an nós imeachta sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna arna dtarchur chun réamhrialú

14. An 27 Aibreán 2018, thug Cuideachta S caingean tráchtála os comhair an Sąd Okręgowy w Warszawie (Cúirt Réigiúnach Várs á, an Pholainn). Gníomhaíonn Cuideachta S mar shannaí éilimh in aghaidh Chuideachta C, a oibríonn san earnáil mhiondíola. Lorgaíonn an chéad cheann ordú go n-íocfaidh an dara ceann suim 4 572 648 zlotys Polannacha (PLN) (thart ar EUR 1 045 000), a chomhfhreagraíonn do phréimheanna airgid ar an láimhdeachas a baineadh amach i mbliain chuntasaíochta ar leith (corrlaigh riaráistí), a fuair sí i gcomhthéacs creat-chom-haontaithe arna thabhairt i gcrích leis an sannóir. De réir Chuideachta S, bhí fáil na bpréimheanna sin contrártha leis an dlí iomaíochta náisiúnta.

15. Sannadh an cás don 16ú Rannóg Tráchtála den chúirt sin agus, faoin gcóras bogearraí chun cásanna a leithdháileadh go randamach, leithdháileadh é ar an mBreitheamh E.T., leas-uachtarán na rannóige sin, ina shuí mar bhreitheamh aonair.

16. An 25 Márta 2019, áfach, lá na héisteachta, ós rud é go raibh an Breitheamh E.T. as láthair mar gheall ar chead arna iarraidh sin di, cheap Uachtarán an 16ú Rannóg Tráchtála an Breitheamh J.K., an breitheamh a bhí ar dualgas an lá sin, chun an éisteacht a thionól, agus dá bhrí sin leithdháileadh an cás uirthi.

17. Le breithiúnas an 16 Meán Fómhair 2019, arna thabhairt ag breitheamh aonair an Sąd Okręgowy w Warszawie (Cúirt Réigiúnach Vársá) ina bhfuil an Breitheamh J.K., díbheadh an t-iarratas a rinne Cuideachta S.

18. Rinne an chúirt sin achomharc an 27 Deireadh Fómhair 2019 os comhair Sąd Apelacyjny w Warszawie (Cúirt Achomhairc Vársá), arb í an chúirt a rinne an tarchur í.

19. San achomharc sin, áitíonn Cuideachta S go raibh na himeachtaí os comhair na cúirte céadchéime neamhbhailí faoi Airteagal 379(4) de Chód an Nós Imeachta Shibhialta, ar an bhforas go raibh painéal breithnithe na cúirte sin contrártha leis an dlí ós rud é gur sháraigh sé prionsabal chomhdhéanamh leanúnach na bhfoirmíochtaí cúirte, sa mhéid gur éist an Breitheamh J.K. an cás in ionad an Bhreithimh tuairiscithe E.T., a roghnaigh córas LPS go randamach.

20. Tar éis bearta suntasacha fiosrúcháin agus seiceálacha a dhéanamh maidir leis an gcúirt chéadchéime[7] chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na n-imeachtaí os comhair na cúirte sin, chinn an chúirt a rinne an tarchur gur tharla an modhnú ar chomhdhéanamh na cúirte atá ag breithniú ag an gcéad chéim – inar éist an Breitheamh J.K. an cás in ionad an bhreithimh tuairiscithe bhunaidh E.T. – le 'sárú mínáireach' ar fhorálacha an dlí náisiúnta maidir le cásanna a leithdháileadh agus foirmíochtaí cúirte a cheapadh agus a mhodhnú, is é sin le rá, Airteagal 47b(1) den Dlí maidir leis na Gnáthchúirteanna, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 52c(4) de Rialacha Nós Imeachta 2015. Cuireann sí in iúl freisin nár cuireadh na foirmiúlachtaí uile is gá maidir le hathsholáthar den sórt sin i gcrích, agus amhras uirthi gur leasaigh an chúirt chéadchéime doiciméid áirithe chun iarracht a dhéanamh na neamhrialtachtaí sin a leigheas *a posteriori*.

21. Deir an chúirt a rinne an tarchur nach bhfuil a fhios aici cén chúis atá leis an ionadú sin, a mheasann sí a bheith neamhrialta agus d'aon ghnó, agus tugann sí dá haire go bhféadfadh sé go n-aistreofaí líon réasúnta mór cásanna ó bhreitheamh amháin go breitheamh eile mar thoradh ar phróiseas den sórt sin a úsáid.

22. Tugann sé le fios freisin, go teoiriciúil, nach féidir a chur as an áireamh go bhféadfaí comhdhéanamh foirmíochta aon bhreithimh a athrú d'aon ghnó i gcásanna íogaire. D'fhéadfadh sé sin tarlú nuair a shocraíonn an breitheamh a roghnaíodh go randamach tríd an gcóras LPS ar dtús éisteacht ar dháta a bheidh sé nó sí ar saoire arna iarraidh sin dó nó di agus nuair a úsáidtear a neamhláithreacht chun breitheamh a chur in ionad an bhreithimh sin a bheidh, ar an dáta sin, le feiceáil ar thábla dualgais na mbreithiúna atá ar dualgas agus a bhféadfar a ainm a bheith ar eolas roimh ré.

23. Ar deireadh, luann an chúirt a rinne an tarchur rúin ón Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach, an Pholainn), ar dá réir a d'fhéadfadh comhdhéanamh painéil breithiúna, de shárú ar fhorálacha an dlí náisiúnta a bhaineann le cásanna a leithdháileadh agus le ceapadh agus modhnú na bpainéal a éisteann an cás, a bheith ina fhoras chun a dhearbhú go bhfuil na himeachtaí neamhbhailí, dá bhforáiltear in Airteagal 379(4) de Chód an Nós Imeachta Shibhialta.

[7] Tá suas le 36 mhír den ordú tarchuir dírithe ar na bearta fiosrúcháin agus seiceálacha (féach míreanna 21 go 56 de).

24. Tugann sí dá haire, áfach, go bhfuil toirmeasc ar aon athbhreithniú ina leith sin i gcomhthéacs achomhairc ó tugadh isteach Airteagal 55(4) den Dlí maidir leis na Gnáthchúirteanna.

25. Sna himthosca sin, chinn an chúirt a rinne an tarchur bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'(1) Ar cheart Airteagal 2, Airteagal 6(1) agus (3) agus an dara fomhír d'Airteagal 19(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, i gcomhar le hAirteagal 47 den [Chairt], a léiriú sa chaoi is go gciallaíonn i gcás cúirt céadchéime Ballstáit... a bhfuil a fhoirmiú comhdhéanta de bhreitheamh aonair den chúirt sin atá sannta chun cás a éisteacht a bhfuil ['sárú suntasach'] á dhéanamh aige ar fhorálacha an dlí náisiúnta maidir le cásanna a leithdháileadh agus maidir le bunú cúirte a cheapadh agus a mhodhnú, nach binse neamhspleách neamhchlaonta í arna bhunú roimhe sin le dlí agus lena n-áirithítear cosaint dlí éifeachtach?

(2) Ar cheart Airteagal 2, Airteagal 6(1) agus (3) agus an dara fomhír d'Airteagal 19(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, i gcomhar le hAirteagal 47 den [Chairt], a léiriú mar chosc ar chur i bhfeidhm fhorálacha an dlí náisiúnta, amhail an dara habairt d'Airteagal 55(4) den [Dlí maidir leis na Gnáthchúirteanna], i gcomhar le hAirteagal 8 de [Dlí an 20 Nollaig 2019], sa mhéid go gcuireann siad toirmeasc ar chúirt dara céime dearbhú a dhéanamh go bhfuil sí neamhbhailí... imeachtaí os comhair cúirt náisiúnta céadchéime i gcaingean a tugadh os comhair na cúirte sin ar an bhforas go raibh comhdhéanamh na cúirte sin contrártha leis an dlí, bhí an chúirt comhdhéanta go míchuí, nó ghlac duine nach bhfuil údaraithe nó inniúil chun breithniú a dhéanamh páirt sa chinneadh, mar smachtbhanna dlíthiúil lena n-áirithítear cosaint dlí éifeachtach i gcás ina sanntar breitheamh chun cás a éisteacht i ['sárú mínáireach'] ar fhorálacha an dlí náisiúnta maidir le leithdháileadh cásanna agus ceapadh agus modhnú foirmíochtaí cúirte?'

III. Nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais

26. Chuir Cuideachta C (an cosantóir sna príomhimeachtaí), Prokurator Prokuratury Regionalnej w Warszawie (Ionchúisitheoir Oifig an Ionchúisitheora Réigiúnaigh, Várs á, an Pholainn, barúlacha i scríbhinn isteach; 'an t-ionchúisitheoir réigiúnach'), Rialtas na Polainne agus an Coimisiún Eorpach. Tionóladh éisteacht an 7 Márta 2024, éisteacht ina raibh ionadaíocht ag na páirtithe thuasluaite uile, seachas ag an ionchúisitheoir réigiúnach.

IV. Measúnú

A. Dlínse na Cúirte agus inghlacthacht na gceisteanna a tharchuirtear

27. Chuir Cuideachta C agus an t-ionchúisitheoir réigiúnach argóintí éagsúla chun cinn ina leith sin.[8]

[8] Ag an éisteacht, tharraing Rialtas na Polainne siar a bharúlacha i scríbhinn, lena n-áirítear an agóid maidir le neamh-inghlacthacht, agus chuir sé barúlacha iomlán nua i láthair. D'áitigh sé, go bunúsach, (i) gur chuir an ceanglas maidir le binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimhe sin le dlí cosc ar bhreitheamh nua a ceapadh mar bhreitheamh tuairiscithe mar 'shárú mínáireach' ar rialacha náisiúnta maidir le cásanna a leithdháileadh an cás a éisteacht, agus (ii) go gceanglaítear le dlí an Aontais ar an gcúirt dara céime gan forálacha náisiúnta a chur i bhfeidhm, lena gcuirtear cosc uirthi scrúdú a dhéanamh, ar comhlíonadh an ceanglas thuasluaite, ag an gcéad chéim.

28. Ar an gcéad dul síos, áitíonn Cuideachta C agus an t-ionchúisitheoir réigiúnach, go bunúsach, go bhfuil an iarraidh ar réamhrialú do-ghlactha, ós rud é go lorgaíonn sí léiriú ar an dlí náisiúnta agus nach bhfuil an nasc le dlí an Aontais soiléir go leor.

29. Is leor, áfach, cásdlí na Cúirte a thabhairt chun cuimhne, ar dá réir go bhfuil 'an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE ceaptha, *inter alia*, chun feidhm a bheith aige maidir le haon chomhlacht náisiúnta a fhéadfaidh rialú, mar chúirt nó mar bhinse, ar cheisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm nó léiriú dhlí an Aontais agus a thagann, dá bhrí sin, faoi na réimsí a chumhdaítear leis an dlí sin'. [9] Tá sé coitianta a rá gurb amhlaidh an cás sa chás seo. Féadfar a iarraidh ar an gcúirt chéadchéime (a bhfuil a rialtacht comhdhéanta á ceistiú) agus ar an gcúirt dara céime (arb í an chúirt a rinne an tarchur í agus a bhfuil a cumhachtaí athbhreithnithe ar neamhrialtacht den sórt sin toirmiscthe, nó cúlghairthe, leis an dlí náisiúnta) araon rialú a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm nó léirmhíniú dhlí an Aontais. Dá bhrí sin, ní mór dóibh na ceanglais maidir le cosaint bhreithiúnach éifeachtach a chomhlíonadh.

30. Ar an dara dul síos, áitíonn an t-ionchúisitheoir réigiúnach go mbaineann an iarraidh ar réamhrialú le rialacha lena rialaítear eagrú chóras breithiúnach Ballstáit, a thagann, cosúil le haon cheist a bhaineann le heagrú agus oibriú chomhlachtaí an Stáit, faoi inniúlacht eisiach an Stáit sin.

31. Is féidir diúltú don argóint sin ar bhonn cásdlí socair. Go deimhin, 'cé gur fíor go dtagann eagrú an cheartais sna Ballstáit faoi inniúlacht na mBallstát sin, is amhlaidh fós, agus an inniúlacht sin á feidhmiú acu, go gceanglaítear ar na Ballstáit a n-oibleagáidí a eascraíonn as dlí an Aontais a chomhlíonadh' [10] agus, go háirithe, ón dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE. [11]

32. Ar an tríú dul síos, áitíonn an t-ionchúisitheoir réigiúnach, faoi Airteagal 51 den Chairt, nach bhfuil Airteagal 47, lena mbaineann na ceisteanna a tharchuirtear, infheidhme, ós rud é nach bhfuil baint ag an gcás sna príomhimeachtaí le dlí an Aontais. Déantar an neamhfheidhmeacht sin a atreisiú, i gcás Phoblacht na Polainne, le Prótacal (Uimh. 30) maidir leis an [gCairt] a chur i bhfeidhm ar an bPolainn agus ar an Ríocht Aontaithe.

33. Mhínigh an Chúirt an difríocht idir raon feidhme an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE agus raon feidhme Airteagal 47 den Chairt faoi seach: 'cé go gcuidíonn Airteagal 47 den Chairt lena áirithiú go n-urramaítear an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil atá ag aon duine aonair atá ag brath, *i gcás ar leith*, ar cheart a fhaigheann sé nó sí ó dhlí an Aontais, féachtar leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE lena áirithiú go ráthaítear leis *an gcóras leigheasanna dlí arna bhunú ag gach Ballstát* cosaint bhreithiúnach éifeachtach sna réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais'. [12]

34. Táim den tuairim go ndealraíonn sé nach bhfuil aon bhaint ag an díospóid sna príomhimeachtaí féin le foráil de dhlí an Aontais. Go deimhin, mar thaca lena caingean i gcoinne an chosantóra sna príomhimeachtaí (Cuideachta C), bhí an t-iarratasóir (Cuideachta S) ag brath ar fhoráil den dlí náisiúnta amháin agus, dá réir sin, níor thug an chúirt a rinne an tarchur aon léiriú a

[9] Breithiúnas an 26 Márta 2020, *Miasto Łowicz agus Prokurator Generalny* (C-558/18 agus C-563/18, EU:C:2020:234, 'an breithiúnas in *Miasto Łowicz*',míreanna 33 agus 34 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[10] Breithiúnas an 18 Aibreán 2024, *OT agus páirtithe eile (Cealú cúirte)* (C-634/22, EU:C:2024:340, mír 24 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[11] An breithiúnas in *Miasto Łowicz*, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear.

[12] Breithiúnas an 20 Aibreán 2021, *Repubblika* (C-896/19, EU:C:2021:311, mír 52). Féach freisin Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Rantos in *Krajowa Rada Sądownictwa (Seilbh leanúnach oifige breithiúnaí)* (C-718/21, EU:C:2023:150, mír 20 agus fonótaí 26 go 28).

thabharfadh le fios go bhfuil aon nasc ag an bhforáil sin le dlí an Aontais. Dá bhrí sin, dealraíonn sé, de bhua Airteagal 51(1) den Chairt, nach bhfuil Airteagal 47 di infheidhme, ann féin, maidir leis an gcás sna príomhimeachtaí.

35. Mar sin féin, mar is léir ó chásdlí na Cúirte [13], i gcás amhail an cás atá idir lámha, d'ainneoin nach bhfuil feidhm ag Airteagal 47 den Chairt, ann féin, maidir leis an gcás sna príomhimeachtaí, tá an tAirteagal sin fós ábhartha chun críocha an léirmhínithe ar Airteagal 19(1) CAE. I ndáil leis sin, chinn an Chúirt 'ós rud é go gceanglaítear ar gach Ballstát, sa dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, leigheasanna a sholáthar atá leordhóthanach chun a áirithiú, sna réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais, go ndéanfar cosaint bhreithiúnach éifeachtach, de réir bhrí *Airteagal 47 den Chairt* go háirithe, [*nach mór] an fhoráil dheireanach sin a chur san áireamh go cuí chun an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a léiriú*' (béim curtha leis).

36. Ar an gceathrú dul síos, áitíonn an t-ionchúisitheoir réigiúnach, go bunúsach, nach bhfuil an chéad cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú 'fíor', ós rud é nach bhfuil gá le freagra ar an gceist sin chun go rialóidh an chúirt a rinne an tarchur ar an gcás sna príomhimeachtaí.

37. I mo thuairimse, is leor a chur in iúl (i) go sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur go bhfuil baol ann leis an gcineál neamhrialtachtaí lena mbaineann go bhfuil toimhde neamhspleáchas na cúirte céadchéime in amhras, agus (ii) go gcuirtear cosc ar an gcúirt a rinne an tarchur le foráil dlí náisiúnta [14] iarmhairtí na neamhrialtachtaí sin a bhaint amach. Dá bhrí sin, féachann an chúirt a rinne an tarchur lena fháil amach an gá an fhoráil sin a dhífheidhmiú faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE.

38. De réir cásdlí socair, 'tá toimhde ábharthachta ag baint le ceisteanna maidir le léiriú dhlí an Aontais arna tharchur ag cúirt náisiúnta sa chomhthéacs fíorasach agus reachtach a bhfuil an chúirt sin freagrach as a shainiú, agus nach faoin gCúirt atá sé cruinneas na gceisteanna sin a chinneadh'. [15]

39. Bunaithe ar na breithnithe roimhe seo, táim sásta gur féidir leis an gCúirt a mheas go bhfuil na ceisteanna a tharchuirtear sa chás seo 'riachtanach' chun cur ar chumas na cúirte a rinne an tarchur 'breithiúnas a thabhairt' sa chás atá os a comhair. [16]

40. Ar an gcúigiú dul síos, áitíonn an t-ionchúisitheoir réigiúnach, go bunúsach, i gcontrárthacht le hAirteagal 94(a) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, nár thug an chúirt a rinne an tarchur aon mhíniú ar na cúiseanna a bhí le roghnú na bhforálacha éagsúla de dhlí an Aontais a luaitear sna ceisteanna a tharchuirtear.

41. Maidir le hAirteagal 2 agus Airteagal 6(1) agus (3) CAE, ní mór a chur in iúl nach bhfuil aon chúiseanna leagtha amach ag an gcúirt a rinne an tarchur maidir leis an bhfáth a bhfuil sí ag iarraidh ar an gCúirt na forálacha sonracha sin a léiriú. Mar sin féin, táim den tuairim gur léir ó fhorais an ordaithe tarchuir go mbaineann na ceisteanna a tharchuirtear, go bunúsach, le léiriú na gceanglas maidir le cosaint bhreithiúnach éifeachtach os comhair binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimh ré le dlí, de bhun an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE. Maidir le hAirteagal 2 CAE, léirítear go nithiúil in Airteagal 19 CAE luach an smachta reachta a

[13] Breithiúnas an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeacht na gcinntí ó chúirt bhunreachtúil)* (C-430/21, EU:C:2022:99, 'an breithiúnas in *RS*',míreanna 36 agus 37).

[14] Airteagal 55(4) den Dlí maidir le Gnáthchúirteanna.

[15] Féach breithiúnas in *Miasto Łowicz*, mír 43 agus an cásdlí dá dtagraítear.

[16] *Ibid*., mír 45 agus an cásdlí dá dtagraítear.

dhearbhaítear ann.[17] Sna himthosca sin, ní mór an measúnú mar fhreagra ar na ceisteanna arna dtarchur a dhéanamh faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, mar a léirítear é i bhfianaise Airteagal 2 CAE agus aird chuí á tabhairt ar Airteagal 47 den Chairt.[18]

B. Substaint

1. Réamhbharúlacha

42. Sula dtabharfaidh mé aghaidh ar na ceisteanna a tharchuirtear, mar réamhbharúil is gá aghaidh a thabhairt ar roinnt agóidí a d'ardaigh Cuideachta C agus an t-ionchúisitheoir réigiúnach.

43. Ar an gcéad dul síos, cuireann Cuideachta C agus an t-ionchúisitheoir réigiúnach i gcoinne an dlí náisiúnta a chur i láthair san ordú tarchuir, agus é den tuairim go bhfuil sé claonbhreitheach agus claonta. Áitíonn an t-ionchúisitheoir réigiúnach freisin nach bhfuil an coincheap 'sárú mínáireach' ar na forálacha a bhaineann le cásanna a leithdháileadh agus foirmiú cúirte a mhodhnú sa dlí náisiúnta, coincheap a úsáideann an chúirt a rinne an tarchur lena ndéantar an coincheap sin a chur i gcodarsnacht leis an gcoincheap nach bhfuil ann ach 'diall' (diall tionóisceach, neamh-chomhfhiosach, neamhdheonach nó a rinneadh trí earráid).

44. Dar liomsa, is leor cásdlí socair a mheabhrú, ar dá réir 'nach bhfuil dlínse ach ag an gcúirt náisiúnta fíorais an cháis atá os a comhair a aimsiú agus a mheasúnú agus an dlí náisiúnta a léiriú agus a chur i bhfeidhm'.[19]

45. Dá bhrí sin, ba cheart don Chúirt brath ar mheasúnú na cúirte a rinne an tarchur, ar dá réir a d'fhéadfadh ath-leithdháileadh an cháis ar bhreitheamh tuairiscithe eile ag an gcéad chéim a bheith ina chúis, i bprionsabal, le neamhniú an bhreithiúnais a tugadh ag an gcéad chéim mar gheall ar 'shárú mínáireach' agus/nó neamhrialtacht sna himeachtaí sin, cé go bhfuil Airteagal 55(4) den Dlí maidir leis na Gnáthchúirteanna ina bhac ar an neamhniú féideartha sin.

46. Ar an dara dul síos, áitíonn Cuideachta C agus an t-ionchúisitheoir réigiúnach, go bunúsach, gur rialacha de chineál riaracháin agus teicniúil amháin iad na forálacha a bhaineann le cásanna a leithdháileadh agus foirmiú cúirte a mhodhnú, arb é is aidhm riachtanach dóibh dáileadh cothrom an ualaigh oibre a áirithiú agus nach dócha, de bharr a gcineáil, go mbeadh siad ina mbealaí le haghaidh tionchar seachtrach, eadhon ó na brainsí feidhmiúcháin nó reachtacha. Dá bhrí sin, níor cheart rialacha den sórt sin de chineál riaracháin agus teicniúil a bheith faoi raon feidhme dhlí an Aontais.

47. I ndáil leis sin, chinn an Chúirt cheana féin 'gur gá breithiúna a chosaint ar idirghabháil sheachtrach nó ar bhrú a d'fhéadfadh a neamhspleáchas a chur i mbaol. Ní mór na rialacha is infheidhme maidir le stádas na mbreithiúna agus comhlíonadh a ndualgas mar bhreithiúna a bheith de chineál, go háirithe, lena gcoiscfear freisin [...] tionchar atá níos indírí agus a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar chinntí na mbreithiúna lena mbaineann, agus, ar an gcaoi

[17] Féach breithiúnas *in RS*, mír 39 agus an cásdlí dá dtagraítear.

[18] Féach breithiúnas an 29 Márta 2022, *Getin Noble Bank* (C-132/20, EU:C:2022:235, míreanna 77 go 79).

[19] Breithiúnas an 8 Meitheamh 2016, *Hünnebeck* (C-479/14, EU:C:2016:412, mír 36). Féach freisin breithiúnas an 6 Nollaig 2018, *Preindl* (C-675/17, EU:C:2018:990, mír 24 agus an cásdlí dá dtagraítear).

sin, lena gcoisctear easpa cuma neamhspleáchais nó neamhchlaontachta orthu a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don mhuinín nach mór a spreagadh i ndaoine aonair leis an gceartas i sochaí dhaonlathach arna rialú leis an smacht reachta'. [20]

48. Maidir leis an amhras a chuir an chúirt a rinne an tarchur in iúl nuair a luann sí go bhfuil baol tromchúiseach ann go bhfuil sé d'aidhm ag sáruithe ar rialacha náisiúnta maidir le cásanna a leithdháileadh nó a ath-leithdháileadh ar fhoirmíochtaí cúirteanna, go háirithe, i gcomhar leis na breithiúna lena mbaineann, cead a thabhairt do bhreitheamh amháin teacht in ionad breitheamh eile i gcás sonrach nó i gcineálacha áirithe cásanna, gur forais leordhóthanacha iad na forais úd chun féachaint ar na saincheisteanna sin ní mar ábhair eisiacha de chineál riaracháin agus teicniúil, ach mar shaincheisteanna atá le measúnú i bhfianaise na gceanglas a eascraíonn as dlí an Aontais a bhaineann le binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimhe sin le dlí a ráthú.

49. Ar an tríú dul síos, áitíonn Cuideachta C agus an t-ionchúisitheoir réigiúnach, go bunúsach, gur [21] féidir cur i bhfeidhm forála den dlí náisiúnta lena bhforáiltear do neamhbhailíocht imeachtaí i gcás ina bhfuil comhdhéanamh foirmíochta cúirte contrártha don dlí a theorannú do neamhrialtachtaí a bhaineann le comhdhéanamh na cúirte ina hiomláine, ach ní do chomhdhéanamh foirmíochtaí áirithe cúirte.

50. Ar dtús, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar a rinne an Chúirt Bhreithiúnais sa bhreithiúnas in *Simpson agus HG*, [22] 'de réir chásdlí socair na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine [("ECtHR")], gurb é an chúis atá leis an téarma 'arna bhunú le dlí' a thabhairt isteach sa chéad abairt d'Airteagal 6(1) ECHR [23] ná a áirithiú [...] go háirithe, [go n-urramaítear] prionsabal an smachta reachta agus go gcumhdaítear leis ní hamháin an bunús dlí atá le binse a bheith ann, *ach freisin comhdhéanamh an bhinse i ngach cás* agus aon fhoráil eile den dlí náisiúnta a d'fhágfadh, dá sárófaí é, go mbeadh rannpháirtíocht breithimh amháin nó níos mó sa scrúdú ar chás neamhrialta, lena n-áirítear, go háirithe, forálacha maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht chomhaltaí na cúirte lena mbaineann'. Dá bhrí sin, is léir go bhfuil rialacha amhail na rialacha sna príomhimeachtaí a bhaineann le cás a leithdháileadh nó a ath-leithdháileadh ar an mbreitheamh tuairiscithe ábhartha chun a fhíorú ar urramaíodh an ráthaíocht ó bhinse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimh ré le dlí.

51. Dá bhrí sin, mar a d'áitigh Rialtas na Polainne ag an éisteacht, ba cheart an ceanglas maidir le binse neamhspleách agus neamhchlaonta a ráthú a eascraíonn as an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a urramú le forálacha náisiúnta a bhaineann le cásanna a leithdháileadh ar bhreithiúna agus le modhnú foirmíochtaí cúirte *a fortiori* i gcás inar measa fós é sin le forálacha náisiúnta lena gcuirtear bac ar chúirt dara céime athbhreithniú a dhéanamh ar neamhrialtachtaí líomhnaithe maidir le cásanna a leithdháileadh nó a ath-leithdháileadh ag an gcéad chéim.

[20] Breithiúnas an 18 Bealtaine 2021, *Asociația "Forumul Judecătorilor din România" agus páirtithe eile* (C-83/19, C-127/19, C-195/19, C-291/19, C-355/19 agus C-397/19, EU:C:2021:393, mír 197 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[21] Amhail Airteagal 379(4) de Chód an Nós Imeachta Shibhialta.

[22] Breithiúnas an 26 Márta 2020, *Review Simpson* v an *Chomhairle* agus *HG* v *an Coimisiún* (C-542/18 RX-II agus C-543/18 RX-II, EU:C:2020:232, 'an breithiúnas in *Simpson agus HG*', mír 73 agus an cásdlí dá dtagraítear). Béim curtha leis.

[23] An Coinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, a síníodh sa Róimh an 4 Samhain 1950 ('ECHR').

2. An dá cheist a chur le chéile

52. Leis an dá cheist a tharchuirtear, arb iomchuí aghaidh a thabhairt orthu le chéile, iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, ar an gCúirt Bhreithiúnais measúnú a dhéanamh ar an éifeacht charnach a bheadh ag cur i bhfeidhm neamhrialta na rialacha maidir le cás a leithdháileadh nó a ath-leithdháileadh ar bhreitheamh tuairiscithe agus ar an easpa leighis dlí ina leith sin, chomh maith le comhréireacht na héifeachta carnaí sin le dlí an Aontais, go háirithe leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léiriú i bhfianaise Airteagal 2 CAE agus Airteagal 47 den Chairt á chur san áireamh.

53. Tabharfaidh mé aghaidh ar na ceisteanna arna dtarchur (a) trí mheasúnú a dhéanamh an ráthaítear leis an gceanglas maidir le binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimh ré le dlí rialacha a chumhdach maidir le cásanna a leithdháileadh nó a ath-leithdháileadh ar bhreithiúna; (b) trí díriú ar an gceist an bhfuil an ceanglas faoi dhlí an Aontais nach mór do bhinse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimhe sin le dlí 'cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú sna réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais' infheidhme maidir leis an gcás seo; (c) trí phlé a dhéanamh ar an tástáil atá le cur i bhfeidhm agus scrúdú á dhéanamh an bhféadfadh leithdháileadh nó ath-leithdháileadh neamhrialta cásanna ar bhreithiúna na ceanglais maidir le cosaint bhreithiúnach éifeachtach a chur i mbaol os comhair binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimh ré le dlí agus ar cheart go mbeadh neamhniú na n-imeachtaí ag an gcéad chéim i gceist leis; agus, ar deireadh, (d) trí díriú ar thionchar bhreithiúnas na Cúirte sa chás (*an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)*[24] ar an gcás seo.

(a) Leis an gceanglas chun binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimh ré le dlí a ráthú, cumhdaítear rialacha maidir le cásanna a leithdháileadh nó a ath-leithdháileadh ar bhreithiúna

54. Mar thúsphointe, tá sé tábhachtach an treoir agus an cásdlí idirnáisiúnta atá ann cheana maidir le ráthaíocht binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimh ré le dlí a mheabhrú a mhéid a bhaineann sé le córais lena leithdháiltear nó a ath-leithdháiltear cásanna. I ndáil leis sin, tá scrúdú déanta cheana féin, go háirithe, ag Coimisiún na Veinéise[25] agus ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine ar rialacha náisiúnta maidir le foirmíochtaí cúirte a ainmniú agus a mhodhnú.

55. Ina thuarascáil an 16 Márta 2010,[26] leagann Coimisiún na Veinéise amach caighdeáin áirithe ar cheart do Stáit a chomhlíonadh. Molann sé, *inter alia*, go ndéanfaí cásanna a leithdháileadh nó a ath-leithdháileadh ar bhreithiúna a rialú le critéir oibiachtúla thrédhearcacha arna mbunú le dlí. Cuireann Coimisiún na Veinéise i bhfios go láidir freisin go dtugtar le tuiscint le coincheap binse arna bhunú le dlí rialacha náisiúnta lena ráthaítear, ní hamháin neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na cúirte ina hiomláine ach breitheamh aonair freisin.[27] I mo thuairimse,

[24] Breithiúnas an 5 Meitheamh 2023 (C-204/21, EU:C:2023:442; 'an breithiúnas in '*an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)*').

[25] Is comhlacht comhairleach de chuid Chomhairle na hEorpa é Coimisiún na Veinéise, go hoifigiúil an Coimisiún Eorpach maidir le Daonlathas tríd an Dlí.

[26] *Tuarascáil ar neamhspleáchas an chórais bhreithiúnaigh – Cuid I: Neamhspleáchas na mbreithiúna*, arna ghlacadh ag Coimisiún na Veinéise ag an 82ú Seisiún Iomlánach dá chuid, an Veinéis, an 12-13 Márta 2010, mír 81 agus mír 82(16).

[27] *Ibid.*, míreanna 77 agus 79.

baineann an ceanglas sin ní hamháin le rialacha den sórt sin per se, ach lena gcur i bhfeidhm freisin, rud nach mór a dhéanamh freisin ar bhealach oibiachtúil agus trédhearcach atá neamhthreallach.

56. Ina theannta sin, leanann sé ó chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine go bhfuil amhras ar pháirtí sna himeachtaí maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht breithimh dlisteanach i gcás nach bhforáiltear leis an dlí náisiúnta *ráthaíochtaí nós imeachta leordhóthanacha chun tionchar breithiúnach a chosc*.[28]

57. Bhí creat dlíthiúil den sórt sin in easnamh i gcás *Miracle Europe Kft* v *an Ungáir*, cás ina raibh cumhacht lánroghnach fhorleathan ag an mbreitheamh a leithdháil cásanna ar bhreithiúna eile. Sa bhreithiúnas sin,[29] chinn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, mar thoradh ar ath-leithdháileadh lánroghnach an cháis, nach binse arna bhunú le dlí a bhí sa chúirt ábhartha agus, dá bhrí sin, rialaigh sí go ndearnadh sárú ar an gceart chun éisteacht chóir a fháil faoi Airteagal 6(1) ECHR. Leagtar béim sna torthaí sin ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí cásanna a leithdháileadh nó a ath-leithdháileadh ar bhreithiúna i gcomhréir go docht leis an dlí agus ar bhealach oibiachtúil agus trédhearcach.[30]

58. Is féidir linn leas a bhaint freisin as cásdlí na Cúirte Breithiúnais atá ann cheana.

59. Rialaigh an Chúirt sa bhreithiúnas *an Coimisiún* v *an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)*,[31] go háirithe, maidir le forálacha náisiúnta lenar tugadh an *chumhacht lánroghnach* d'Uachtarán an Dlísheomra Araíonachta den Sąd Najwyższy (Cúirt Uachtarach) an binse araíonachta a bhfuil dlínse chríochach aige *a ainmniú* chun cás araíonachta a éisteacht i ndáil le breitheamh de chuid na ngnáthchúirteanna *gan na critéir atá le comhlíonadh ag ainmniú den sórt sin a bheith sonraithe sa reachtaíocht is infheidhme*.

60. Chinn an Chúirt ansin 'i gcás nár leagadh síos aon chritéir den sórt sin, go bhféadfaí cumhacht den sórt sin a úsáid, *inter alia*, chun cásanna áirithe a dháiriú ar bhreithiúna áirithe agus gan iad a shannadh do bhreithiúna eile, nó chun brú a chur ar na breithiúna arna n-ainmniú amhlaidh'.[32]

61. Táim den tuairim go dtagann na torthaí sin, nuair a dhéantar measúnú orthu i bhfianaise phrionsabal an smachta reachta, chun bheith ábhartha ní hamháin i gcás nach bhfuil aon chritéar maidir le cásanna a leithdháileadh nó a ath-leithdháileadh ar bhreithiúna leagtha síos sa dlí ach freisin i gcás, in éagmais athbhreithniú breithiúnach, in ainneoin gurb ann do chritéir den sórt sin sa dlí, nach gcuirtear i bhfeidhm iad ar chor ar bith nó nach gcuirtear i bhfeidhm iad ar bhealach oibiachtúil agus trédhearcach, ós rud é go bhféadfadh éifeachtaí diúltacha comhchosúla teacht chun cinn i gcásanna den sórt sin.

[28] Féach Sillen, J., 'The concept of "internal judicial independence" in the case law of the European Court of Human Rights', *European Constitutional Law Review*, Uimh. 15, 2019, lch. 121, le go leor tagairtí do chásdlí ábhartha na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine.

[29] ECtHR, 12 Eanáir 2016, CE:ECHR:2016:0112JUD005777413, 'an breithiúnas in *Miracle Europe*', § 58.

[30] Mar a mhínítear sa litríocht dhlíthiúil, 'nuair a leithdháiltear cás ar bhreitheamh..., i bprionsabal, ní féidir é a athshannadh do bhreitheamh nó do chúirt eile... gan toiliú an bhreithimh nó na cúirte sin, ach amháin i gcás ina bhfuil údar le hathshannadh den sórt sin mar gheall ar dhea-riarachán an cheartais', is é sin, 'mar shampla, nuair a bhíonn imthosca gan choinne os comhair an bhreithimh nó an dlísheomra a dteastaíonn cóir níos tapúla ina leith ná mar is gnách (mar shampla, in ábhair teaghlaigh nó in imeachtaí coiriúla) ar dócha go gcuirfidh siad síneadh suntasach le fad na n-imeachtaí, ar chostas leasanna na ndlíthithe' (Adam, S., 'Good administration of justice from an EU law perspective: striking balance between disciplinary liability and judicial independence', in Adam, S., Derveaux, I., Grasso, I. agus Vaz Ventura, F. (eds), *The Rule of law and good administration of justice in the digital era*, Bruylant, 2024, lch. 158).

[31] Breithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún* v. *an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)* (C-791/19, EU:C:2021:596, "an breithiúnas in *an Coimisiún* v *an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)*",mír 172).

[32] *Ibid*., mír 173.

62. Leanann sé ó na breithnithe roimhe seo go n-éilítear leis an gceanglas maidir le ráthaíocht binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimh ré le dlí faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léiriú i bhfianaise phrionsabal an smachta reachta mar a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE, i gcás ina bhfuil rialacha leagtha síos ag Ballstát maidir le cásanna a leithdháileadh nó a ath-leithdháileadh ar bhreithiúna, nach mór na rialacha sin a bheith éifeachtach agus curtha i bhfeidhm ar bhealach oibiachtúil agus trédhearcach.

(b) Tá an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, lena gceanglaítear go sainráite go n-áirithítear 'cosaint dlí éifeachtach sna réimsí a chumhdaítear le dlí [an Aontais]', infheidhme maidir leis an gcás seo

63. De réir chásdlí na Cúirte, 'is faoi [...] na Ballstáit atá sé córas leigheasanna agus nósanna imeachta dlíthiúla a bhunú lena n-áiritheofar athbhreithniú breithiúnach éifeachtach sna réimsí [a chumhdaítear le dlí an Aontais]'.[33] Is léiriú é sin ar fhoclaíocht shainráite an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE.

64. Agus córas den sórt sin á bhunú acu, ceanglaítear ar na Ballstáit lánéifeacht a thabhairt do phrionsabal na cosanta breithiúnaí éifeachtaí, ar prionsabal ginearálta de dhlí an Aontais é. Sa chomhthéacs sin, chinn an Chúirt 'leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE cuirtear in iúl go nithiúil luach an smachta reachta a leagtar amach in Airteagal 2 CAE agus, i ndáil leis sin, ceanglaítear ar na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le córas leigheasanna agus nósanna imeachta dlíthiúla lena n-áirithítear go n-urramóidh daoine aonair a gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach i ngach réimse a chumhdaítear le dlí an Aontais, prionsabal na cosanta breithiúnaí éifeachtaí dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, prionsabal ginearálta de dhlí an Aontais a chumhdaítear anois in Airteagal 47 den Chairt.'[34]

65. Leanann sé ó m'anailís thuas (míreanna 54 go dtí 62 den Tuairim seo), ó fhoclaíocht an Chonartha ar an Aontas Eorpach agus ó chásdlí na Cúirte (míreanna 63 agus 64 den Tuairim seo), i gcás ina gcaitear amhras ar neamhspleáchas agus neamhchlaontacht binse mar a cheanglaítear leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, mar gheall ar leithdháileadh nó ath-leithdháileadh neamhrialta cáis ar bhreitheamh, go bhfuil sé riachtanach an ceart chun leigheas éifeachtach dlí a bheith ann agus dlínse cúirte chun ceart den sórt sin a fhorfheidhmiú chun athbhreithniú a dhéanamh ar neamhrialtacht líomhnaithe den sórt sin, chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go héifeachtach an ceanglas maidir le binse neamhspleách agus neamhchlaonta arna bhunú roimhe sin le dlí a ráthú.

66. Dealraíonn sé, sa chás seo, go bhforáiltear le foráil den dlí náisiúnta[35] go n-eisiafar rialacha maidir le cásanna a leithdháileadh nó a ath-leithdháileadh ina n-iomláine ó aon athbhreithniú breithiúnach i gcomhthéacs achomhairc. Dá bhrí sin, ní mór a mheas an gcuirtear cosc leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE – arna léiriú i bhfianaise Airteagal 2 CAE a mhéid a chumhdaítear prionsabal an smachta reachta leis agus aird chuí á tabhairt ar Airteagal 47 den Chairt mar léiriú ar an gceart chun leigheas éifeachtach dlí a fháil mar phrionsabal ginearálta de dhlí an Aontais – ar chur i bhfeidhm forála náisiúnta den sórt sin i ndáil le cásanna a leithdháileadh nó a ath-leithdháileadh go neamhrialta, ar an bhforas go bhfuil sé ar neamhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE.

[33] Breithiúnas an 27 Feabhra 2018, *Associação Sindical dos Juízes Portugueses* (C-64/16, EU:C:2018:117, mír 34).

[34] Breithiúnas in *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)*, míreanna 269 agus 286.

[35] Airteagal 55(4) den Dlí maidir le Gnáthchúirteanna.

67. Le toirmeasc den sórt sin, is cosúil gur chinn an reachtas náisiúnta – ar bhealach daingean – nach féidir athbhreithniú a dhéanamh ar achomharc ar aon neamhrialtacht maidir le leithdháileadh nó ath-leithdháileadh cásanna ag an gcéad chéim, ach, mar a áitíonn an chúirt a rinne an tarchur san ordú tarchuir, ní féidir a chur as an áireamh go bhfuil baol ann go ndéanfar dochar suntasach do neamhspleáchas nó do neamhchlaontacht foirmíocht cúirte leis na neamhrialtachtaí lena mbaineann. I bhfianaise an róil a thugtar do chúirteanna náisiúnta laistigh de dhlíchóras an Aontais Eorpaigh agus, go háirithe, maidir leis an smacht reachta a áirithiú, ní mór a mheas i gcónaí go bhfuil cúirteanna den sórt sin ar aon leibhéal neamhspleách agus neamhchlaonta. Ciallaíonn sé sin, i gcás ina dtugtar imeachtaí os comhair cúirt náisiúnta dara céime ar an mbonn go bhfuil forais leordhóthanacha ann chun a chreidiúint go gcaitear amhras ar an mbraistint sin maidir leis an gcúirt chéadchéime (mar a dhealraítear *prima facie* a bheith amhlaidh sna príomhimeachtaí), nach mór leigheas éifeachtach dlí a bheith ar fáil don pháirtí a bhfuil athbhreithniú den sórt sin á lorg aige.

68. Dá bhrí sin, i mo thuairimse, bheadh toirmeasc iomlán ar leigheasanna dlí i gcás den sórt sin contrártha leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, ar dá réir a sholáthraíonn na Ballstáit, trína gcúirteanna náisiúnta, 'leigheasanna leordhóthanacha chun cosaint dlí éifeachtach a áirithiú sna réimsí atá folaithe le dlí [an Aontais]'. Go deimhin, is leor an fíoras go *bhféadfaí* imeachtaí a thabhairt os comhair cúirt náisiúnta chun dlí an Aontais a léiriú agus a chur i bhfeidhm chun cur i bhfeidhm na forála sin a spreagadh. [36]

69. Sa chás seo, tá sé suite ag an gcúirt a rinne an tarchur ní hamháin go bhfuil 'sárú mínáireach' á dhéanamh ar na rialacha maidir le cásanna a leithdháileadh nó a ath-leithdháileadh ar bhreithiúna, ach go bhfuil an méid thuas níos measa fós mar gheall ar an toirmeasc ar leigheas dlí. Tá éifeacht charnach an dá ghné sin de chineál a fhágann go bhféadfadh amhras réasúnach a bheith ann in aigne daoine aonair maidir le neamh-thréscaoilteacht na cúirte céadchéime ar thionchar inmheánach nó seachtrach agus maidir lena neodracht i ndáil leis na leasanna os a comhair. D'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar amhras den sórt sin, mar a thug an chúirt a rinne an tarchur faoi deara, nach meastar go bhfuil foirmiú na cúirte sin neamhspleách ná neamhchlaonta, rud a d'fhéadfadh, dá réir sin, dochar a dhéanamh don mhuinín a bhfuil an ceartas i sochaí dhaonlathach a rialaítear leis an smacht reachta ceaptha a spreagadh sna daoine aonair sin. [37]

70. Thairis sin, dá ndéanfaí na rialacha maidir le leithdháileadh nó ath-leithdháileadh cáis ina n-iomláine a eisiamh go hiomlán ó aon athbhreithniú i gcomhthéacs achomhairc, shéanfaí bunbhrí an phrionsabail nár cheart an ceartas a dhéanamh agus sin amháin, ach ba cheart go mbeadh sé follasach freisin go bhfuil sé déanta.

[36] Féach Prechal, S., 'Article 19 TEU and national courts; A new role for the principle of effective judicial protection?', in Bonelli, M., Eliantonio, M. agus Gentile, G. (eag.), *Article 47 of the EU Charter and Effective Judicial Protection, Volume 1: The Court of Justice's Perspective*, Oxford, 2022, lch. 23.

[37] Féach, de réir analaí, an breithiúnas *an Coimisiúin* v *an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)*, mír 112.

(c) An tástáil maidir le neamhrialtachtaí i ndáil le cásanna a leithdháileadh nó a ath-leithdháileadh ar bhreithiúna ar cásanna iad a chuirfeadh i mbaol na ceanglais maidir le cosaint bhreithiúnach éifeachtach os comhair binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimh ré le dlí

71. Is féidir a thuiscint ó chásdlí na Cúirte nach gá go n-eascródh dearbhú neamhbhailíochta imeachtaí na cúirte céadchéime ón gcúirt dara céime as gach neamhrialtacht, agus go bhféadfadh sé nach gcuirfí smachtbhannaí ar neamhrialtachtaí nach bhfuil iarmhairtí substaintiúla acu maidir le leigheas éifeachtach a bheith ann trí dhearbhú neamhbhailíochta. [38]

72. Go deimhin, ní bhíonn sárú *ipso facto* ar an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE mar thoradh ar gach neamhrialtacht, a dhéantar i gcomhthéacs cás a leithdháileadh ar fhoirmíocht chúirte nó a ath-leithdháileadh ar fhoirmíocht eile, agus dá réir sin ní mór í a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach ar achomharc.

73. Mar shampla, mar a luaigh an Coimisiún ag an éisteacht, is cosúil *prima facie* gur de chineál tánaisteach é tiomsú mícheart thábla na mbreithiúna ionadacha nó sceidealú na n-ainmneacha orthu (mar shampla, ní in ord aibítre ach de réir dáta breithe). Go deimhin, is cosúil nach féidir le neamhrialtachtaí den sórt sin, i bprionsabal, an bonn a bhaint d'fheidhmiú an chórais bhreithiúnaigh náisiúnta, ná de ráthaíochtaí neamhspleáchais agus neamhchlaontachta, de réir bhrí an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE. Is é is cuspóir don airteagal sin gan ach saincheisteanna de thromchúis áirithe agus/nó de chineál sistéamach a ghabháil, ar saincheisteanna iad nach dócha go gcuirfidh an córas dlí náisiúnta leigheas leordhóthanach ar fáil dóibh. [39]

74. I ndáil leis sin, is féidir a thabhairt faoi deara go dtugtar aghaidh i gcásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine ar an gceist maidir le tromchúis na neamhrialtachtaí a d'fhéadfadh a bheith ina sárú ar an gceart chun 'binse arna bhunú le dlí' tríd an 'tástáil tairsí'. [40] Tagraíonn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine sa bhreithiúnas in *Miracle Europe* do 'shárú mínáireach' ar an dlí náisiúnta is infheidhme. Mar a luadh thuas, is prionsabal ginearálta de dhlí an Aontais a eascraíonn as na traidisiúin bhunreachtúla is coiteann do na Ballstáit é prionsabal na cosanta breithiúnaí éifeachtaí ar chearta daoine aonair faoi dhlí an Aontais dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE agus, dá bhrí sin, an ceanglas neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na gcúirteanna agus na mbinsí a ráthú, rud a athdhearbhaítear anois le hAirteagal 47 den Chairt. [41] Ba cheart a mheabhrú gurb é is aidhm d'Airteagal 52(3) den Chairt an chomhsheasmhacht is gá a áirithiú idir na cearta atá sa Chairt agus na cearta comhfhreagracha a ráthaítear in ECHR, gan dochar a dhéanamh do neamhspleáchas dhlí an Aontais ná do neamhspleáchas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Ní mór, dá bhrí sin, na cearta comhfhreagracha atá ag CECD chun an Chairt a léiriú mar thairseach íosta cosanta a chur san áireamh. Tá comhsheasmhacht

[38] Féach, de réir analaí, breithiúnas in *Simpson agus HG*, míreanna 75 go 80.

[39] Féach Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Bobek i gCásanna Uamtha *Prokuratura Rejonowa w Mińsku Mazowieckim agus páirtithe eile* (C-748/19 go C-754/19, EU:C:2021:403, mír 143 *et seq.*). Féach freisin Tuairimí an Abhcóide Ghinearálta Tanchev sa *Choimisiún v an Pholainn (Neamhspleáchas na ngnáthchúirteanna)* (C-192/18, EU:C:2019:529, mír 115), agus i *gCásanna Uamtha Miasto Łowicz agus Prokuratur Generalny* (C-558/18 agus C-563/18, EU:C:2019:775, mír 125); féach freisin Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Rantos a luaim i bhfonóta 12 a ghabhann leis an Tuairim seo.

[40] Féach ECtHR, an 1 Nollaig 2020, *Guðmundur Andri Ástráðsson* v. *an Íoslainn*, CE:ECHR:2020:1201JUD002637418, §§ 235 go 290.

[41] An breithiúnas in *an Coimisiún* v *an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)*, mír 52.

léirithe den [42] sórt sin ríthábhachtach chun tuiscint a fháil ar a bhfuil i gceist le sárú ar na ceanglais maidir le cosaint bhreithiúnach éifeachtach os comhair binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimh ré le dlí.

75. Dá bhrí sin, dar liom, ba cheart an tástáil a bheith dian agus níor cheart ach líomhaintí maidir le 'sáruithe mínáireacha' ar na forálacha náisiúnta is infheidhme maidir le cásanna a leithdháileadh nó a ath-leithdháileadh ar bhreithiúna a bheith ina gcúis leis an gceart chun athbhreithniú breithiúnach a fháil laistigh de na himeachtaí achomhairc i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, mar a léirítear i bhfianaise Airteagal 2 CAE agus Airteagal 47 den Chairt, a mhéid nach bhfuil ann ach sáruithe den sórt sin a d'fhéadfadh amhras a chaitheamh ar neamhspleáchas agus neamhchlaontacht cúirte nó binse Ballstáit.

76. Is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé rialú a thabhairt ar líomhaintí den sórt sin trí na breithnithe seo a leanas a chur san áireamh. Dar liom, is féidir a thuiscint ón mbreithiúnas in *Simpson agus HG*, i gcás ina bhfuil an neamhrialtacht de chineál substaintiúil agus tromchúiseach, go bhfuil an tuiscint ann gur bhain institiúidí eile mí-úsáid as a gcumhacht lánroghnach trí shláine an toraidh a spreagann an próiseas áirithe a chur i mbaol, rud a chuireann amhras dlisteanach in aigne na bpáirtithe agus na ndaoine aonair maidir le neamhspleáchas breithimh tuairiscithe nó neamhspleáchas cúirte.

77. Dá bhrí sin, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé cineál agus tromchúis na neamhrialtachta a chinneadh, ar chomhlíon leithdháileadh nó a ath-leithdháileadh an cháis ar an mbreitheamh ag an gcéad chéim an dlí náisiúnta is infheidhme agus an ceanglas cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú os comhair binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimhe sin le dlí, i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, mar a léirítear é i bhfianaise Airteagal 2 CAE agus aird chuí á tabhairt ar Airteagal 47 den Chairt. Ní mór don chúirt a rinne an tarchur a measúnú a dhéanamh i bhfianaise na n-imthosca ábhartha uile. Ní hamháin gur cheart di athbhreithniú a dhéanamh ar chomhréireacht an athraithe ar fhoirmiú cúirte leis an *dlí náisiúnta* ach ba cheart di scrúdú a dhéanamh freisin, *inter alia*, ar na *himthosca* inar tharla an t-athrú sin chomh maith leis an gceist an raibh an t-athrú sin bunaithe ar bhreithnithe treallacha.

78. Agus measúnú den sórt sin á dhéanamh aici, ba cheart don chúirt a rinne an tarchur a chur san áireamh, mar a shoiléirítear i gcásdlí na Cúirte, 'go bhfuil dhá ghné leis an gceanglas maidir le neamhspleáchas na gcúirteanna, a eascraíonn as an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE. Is de chinéal seachtrach an chéad ghné […] [agus] tá an dara gné, ar gné *inmheánach* í, nasctha le neamhchlaontacht agus féachann sí lena áirithiú go gcoimeádtar comhfhad idir na páirtithe sna himeachtaí agus a leasanna faoi seach maidir le hábhar na n-imeachtaí sin. Don ghné sin, *is gá go mbeadh neamhchlaontacht agus easpa leasa i dtoradh na n-imeachtaí ann, i bhfeidhm docht an smachta reachta*.' [43]

79. Dar liom, tá an dá ghné sin – gnéithe seachtracha agus inmheánacha – mar chuid den tástáil chun a fháil amach an bhfuil an cás sonrach inar leithdháileadh nó inar ath-leithdháileadh an cás ar bhreitheamh tuairiscithe ag an gcéad chéim de chineál agus de thromchúis a chruthódh fíorbhaol (a) go bhféadfadh *daoine eile nó comhlachtaí riaracháin laistigh den bhreithiúnacht féin* lánrogha mhíchuí a fheidhmiú lena mbainfí an bonn de *shláine thoradh leithdháileadh nó ath-leithdháileadh cásanna ar bhreithiúna* agus (b) go bhféadfadh toradh ar leithdháileadh nó ar

[42] Breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2020, *La Quadrature du Net agus páirtithe eile* (C-511/18, C-512/18 agus C-520/18, EU:C:2020:791, mír 124 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[43] Breithiúnas in *RS*, mír 41; béim curtha leis.

ath-leithdháileadh den sórt sin amhras a chaitheamh ar oibiachtúlacht agus easpa 'leasa i dtoradh na n-imeachtaí ann' agus, dá bhrí sin, amhras réasúnach a chruthú in aigne daoine aonair maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht an bhreithimh nó na mbreithiúna lena mbaineann.

80. Dá bhrí sin, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé rialú a thabhairt, i bhfianaise na n-imthosca ábhartha go léir, an bhfuil cur i bhfeidhm neamhrialta na rialacha náisiúnta maidir le cásanna a leithdháileadh nó a ath-leithdháileadh ar bhreithiúna sna príomhimeachtaí ina shárú ar an gceanglas maidir le binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimh ré le dlí a ráthú, lena gceanglaítear a dhearbhú go bhfuil na himeachtaí ag an gcéad chéim neamhbhailí chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú sna réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais.

(d) Tionchar bhreithiúnas na Cúirte sa chás an Coimisiún v an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)

81. An 5 Meitheamh 2023 – tar éis an tarchur chun réamhrialú a thíolacadh sa chás seo – bhí an deis ag an gCúirt a rialú gur sháraigh Airteagal 55(4) den Dlí maidir leis na Gnáthchúirteanna (an fhoráil chéanna atá i gceist sna príomhimeachtaí freisin) an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt.

82. Go háirithe, sa bhreithiúnas in *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)*, chinn [44] an Chúirt Bhreithiúnais go raibh an sárú sin mar gheall ar an bhfíoras gur leagadh síos le hAirteagal 55(4) den Dlí maidir le Gnáthchúirteanna toirmisc a d'fhéadfadh a bheith infheidhme ar bhonn níos ginearálta, d'ainneoin aon agóidí ó dhuine aonair, sa chiall go mbeadh forálacha náisiúnta a bhaineann, go háirithe, le cásanna a leithdháileadh nó le foirmíochtaí cúirte a cheapadh nó a mhodhnú nó le cur i bhfeidhm forálacha den sórt sin contrártha do cheanglais dhlí an Aontais ar gné dhílis iad den cheart chun binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimhe sin le dlí.

83. Dá bhrí sin, de bhun an bhreithiúnais sin, inar dearbhaíodh go raibh Airteagal 55(4) den Dlí maidir le Gnáthchúirteanna ar neamhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt, ní mór do chúirteanna náisiúnta na Polainne Airteagal 55(4) a fhágáil gan feidhm [45] go dtí go n-aisghairfidh reachtas na Polainne é i gcomhréir le hAirteagal 260(1) CFAE [46] agus le prionsabal an chomhair dhílis (Airteagal 4(3) CAE). Mar is léir ó chásdlí na Cúirte, leanann an ceanglas sin ó phrionsabal thosaíocht dhlí an Aontais, lena 'gceanglaítear ar chúirt náisiúnta, [...] a húdaráis féin a fhágáil gan feidhm, aon riail nó chleachtas náisiúnta [...] atá contrártha d'fhoráil de dhlí an Aontais a bhfuil éifeacht dhíreach aici'. [47] De réir cásdlí socair, tá éifeacht den sórt sin ag an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE. [48]

84. Is léir ó na breithnithe roimhe seo nach mór do chúirteanna na Polainne anois (de bhreis ar an mbreithiúnas sa chás *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)*) Airteagal 55(4) den Dlí maidir leis na Gnáthchúirteanna a fhágáil gan feidhm agus, dá bhrí sin, sa chás seo, féadfaidh siad Airteagal 379(4) de Chód an Nós Imeachta Shibhialta

[44] Míreanna 226 agus 227.

[45] Féach freisin breithiúnas an 13 Iúil 2023, *YP agus páirtithe eile (Díolúine breithimh a bhaint agus dualgais an bhreithimh sin a chur ar fionraí)* (C-615/20 agus C-671/20, EU:C:2023:562, míreanna 61 go 64 agus an cásdlí dá dtagraítear). Féach freisin an breithiúnas in *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)*, mír 271.

[46] Ba léir ag an éisteacht nár aisghaireadh an fhoráil sin go fóill faoin 7 Márta 2024.

[47] An breithiúnas in *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)*, mír 228 agus an cásdlí dá dtagraítear.

[48] *Ibid.*, mír 78 agus an cásdlí dá dtagraítear.

agus/nó aon fhoráil náisiúnta eile is infheidhme a chur i bhfeidhm chun a fháil amach an ndearnadh cás ag an gcéad chéim a leithdháileadh nó a ath-leithdháileadh ar bhreitheamh tuairiscithe ar bhealach rialta, is é sin, i gcomhréir leis na forálacha náisiúnta is infheidhme agus le ceanglais binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimhe sin le dlí, agus ar an gcaoi sin cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú mar a chumhdaítear sa dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i bhfianaise Airteagal 2 CAE agus aird chuí á tabhairt ar Airteagal 47 den Chairt.

V. Conclúid

85. Molaim go bhfreagródh an Chúirt Bhreithiúnais na ceisteanna arna dtarchur ag an Sąd Apelacyjny w Warszawie (Cúirt Achomhairc Várs á, an Pholainn) le haghaidh réamhrialú mar seo a leanas:

Maidir leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léiriú i bhfianaise Airteagal 2 CAE agus aird chuí á tabhairt ar Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc ar fhoráil náisiúnta lena n-áirítear toirmeasc iomlán ar leigheas dlí i leith sárú ar rialacha náisiúnta maidir le cásanna a leithdháileadh nó a ath-leithdháileadh ar bhreithiúna i gcás ina gcruthaíonn sárú den sórt sin fíorbhaol (a) go bhféadfadh daoine eile nó comhlachtaí riaracháin laistigh de na breithiúna féin lánrogha mhíchuí a fheidhmiú, rud a bhaineann an bonn de shláine thoradh leithdháileadh nó ath-leithdháileadh cásanna ar bhreithiúna, agus (b) go bhféadfadh an toradh ar leithdháileadh nó ar ath-leithdháileadh den sórt sin amhras a chaitheamh ar oibiachtúlacht agus easpa aon leasa i dtoradh na n-imeachtaí, seachas cur i bhfeidhm docht an smachta reachta, agus dá bhrí sin amhras réasúnach a chruthú in aigne daoine aonair maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht an bhreithimh/na mbreithiúna lena mbaineann.

Is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé foráil den sórt sin den dlí náisiúnta a fhágáil gan feidhm agus dul ar aghaidh le hAirteagal 379(4) de Chód an Nós Imeachta Shibhialta agus/nó aon fhoráil náisiúnta eile is infheidhme a chur i bhfeidhm d'fhonn scrúdú a dhéanamh, i bhfianaise na n-imthosca ábhartha go léir, an bhfuil cur i bhfeidhm neamhrialta na rialacha náisiúnta maidir le cásanna a leithdháileadh nó a ath-leithdháileadh ar bhreithiúna de chineál agus de thromchúis a fhágann gur sárú é ar an gceanglas binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimh ré le dlí a ráthú agus chun údar a thabhairt lena dhearbhú go bhfuil na himeachtaí ag an gcéad chéim neamhbhailí, d'fhonn cosaint éifeachtach bhreithiúnach a áirithiú sna réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais.